Plean Ceachta na Naíonán 6 – Cáiseanna na hEorpa

Cuspóir:

Chun cuidiú le daltaí tuiscint a fháil ar na cineálacha éagsúla cáiseanna atá ar fáil ar timpeall na hEorpa.

Fad ama: (thart ar) 30 nóiméad.

Naisc Churaclaim:

OSPS (Tíreolaíocht) → Timpeallachtaí daonna → Daoine agus áiteanna i gceantair eile

Foclóir an Lae

An Eoraip: Grúpa tíortha ar an ilchríoch Eorpach (achar ollmhór talún).

Taistealta: Bogtha timpeall.

Iodálaigh: Muintir na hIodáile.

Díospóireacht Ranga

Pléigh na nithe seo a leanas le do dhaltaí:

1. An féidir libh aon rud a rá liom a sibh ar an eolas faoi maidir leis an bhFrainc nó an Iodáil?
2. An raibh sibh ar laethanta saoire sa Fhrainc nó san Iodáil?
3. Conas a thaistil sibh ansin?
4. Ar ith sibh aon bhia Francach/Iodálach?
5. Ar bhlais sibh aon cháis?
6. Cén t-ainm a bhí ar an gcáis?
7. An féidir leat cur síos a dhéanamh ar an mblas a bhí aici?

Cáiseanna na hEorpa:

Tá cáis á déanamh ag muintir na hEorpa le fada an lá. D'fhoghlaim siad bealaí éagsúla le cáis a dhéanamh de réir mar a thaistil siad ó thír go tír. Anseo thíos tá dhá cháis cháiliúla ón Eorpa.

An Fhrainc – Brie

Is cineál cáise é Brie. Tagann sé ó áit ar a dtugtar an Fhrainc. Tá Brie déanta as bainne de bhó. Tá sí bog agus buí ar an taobh istigh. Tá boladh láidir uaithi.

An Iodáil – Parmasán

Tagann Parmasán ón Iodáil. Is cáis chrua agus thirim í. Tá sí déanta as bainne de bhó freisin. Is maith leis na hIodálaigh cáis Parmasáin a ithe le pasta.

FEACHTAS ARNA MHAOINIÚ LE CUIDIÚ ÓN AONTAS EORPACH

Gníomhaíocht Ranga:

Iarr ar do dhaltaí lipéad simplí a dhearadh don cháis Brie nó Parmasáin, ar phíosa páipéir nó ina gcóipleabhair.

Gníomhaíochtaí Breise

1. Cruthaigh cairt sonraí sa rang maidir leis na cineálacha cáiseanna Eorpacha is coitianta atá ann e.g. Brie, Parmasán, Mozzarella, Céadar.
2. Reáchtáil seisiún blaiste 'Cáiseanna na hEorpa'.
3. Cruthaigh scéal simplí sa rang maidir le carachtar ar a dtugtar 'Brie an Cháis Fhrancach'. Spreag na leanaí chun focail thuairisciúla a úsáid.

Beir Leat Abhaile É

Conas atá do chuid daltaí ag glacadh páirte ann?

Féach ar an suíomh gréasáin le haghaidh bealaí a mholtar le do dhaltaí a spreagadh chun an méid a d'fhoghlaim siad faoi Cháiseanna na hEorpa a thabhairt abhaile leo. Mar obair bhaile, d'fhéadfá iarraidh ar do dhaltaí:

1. Pictiúr faoin gcineál cáise is fearr leo a tharraingt.
2. A fháil amach faoi na cineálacha cáiseanna a thaitníonn lena dtuismitheoirí.
3. Pictiúr a tharraingt de bhrat na Fraince nó na hIodáile.